RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/2046 ÓN gCOIMISIÚN

an 23 Samhain 2021

lena ndeonaítear cosaint san Aontas don Tásc Geografach “មរេចកំពត”/ ”Kampot Pepper” a cláraíodh sa Chlár Idirnáisiúnta um Shonrúcháin Tionscnaimh agus um Thásca Geografacha d’Ionstraim na Ginéive

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/1753 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2019 maidir le gníomhaíocht an Aontais tar éis a aontachais le hIonstraim na Ginéive de Chomhaontú Liospóin i dtaca le hAinmniúcháin Tionscnaimh agus Tásca Geografacha ([1]), agus go háirithe Airteagal 7(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le hAirteagal 5(1) agus (2) d’Ionstraim na Ginéive, féadfaidh Údaráis Inniúla gach Páirtí Chonarthaigh in Ionstraim na Ginéive iarratais a chomhdú maidir le clárú idirnáisiúnta sonrúcháin tionscnaimh nó táisc gheografaigh le Biúró Idirnáisiúnta na hEagraíochta Domhanda um Maoin Intleachtúil, arb é a chláróidh é sa Chlár Idirnáisiúnta i gcomhréir le hAirteagal 6 d’Ionstraim na Ginéive. I gcomhréir le hAirteagal 9 d’Ionstraim na Ginéive, déanfaidh na Páirtithe Conarthacha eile sonrúcháin tionscnaimh agus tásca geografacha arna gclárú a chosaint laistigh dá gcóras dlí féin faoi réir aon diúltú, aon tréigean, aon neamhbhailíochtú nó aon chealú.

(2) I gcomhréir le hAirteagal 6(4) d’Ionstraim na Ginéive, an 14 Nollaig 2020, thug Biúró Idirnáisiúnta na hEagraíochta Domhanda um Maoin Intleachtúil fógra don Choimisiún go ndearnadh an t-ainm “មរេចកំពត”/“Kampot Pepper”, a ndearna an Chambóid iarratas ina leith, a thaifeadadh ina Thásc Geografach sa Chlár Idirnáisiúnta um Shonrúcháin Tionscnaimh agus um Thásca Geografacha faoi Ionstraim na Ginéive.

(3) De bhun Airteagal 4(1) de Rialachán (AE) 2019/1753, foilsíodh clárú idirnáisiúnta an Tásca Gheografaigh “មរេចកំពត”/“Kampot Pepper” in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ([2]) chun go bhféadfaí aon fhreasúra a d’fhéadfadh a bheith ann a thaisceadh.

(4) De bhun Airteagal 5 de Rialachán (AE) 2019/1753, rinne an Coimisiún measúnú ar chlárú idirnáisiúnta an Táisc Gheografaigh “មរេចកំពត”/“Kampot Pepper” de réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal sin agus tháinig sé ar an gconclúid go raibh an clárú i gcomhréir leis na coinníollacha sin.

(5) Ós rud é nach bhfuair an Coimisiún aon fhreasúra faoi Airteagal 6 de Rialachán (AE) 2019/1753, ba cheart an t-ainm “មរេចកំពត”/“Kampot Pepper” a chosaint san Aontas, i gcomhréir le hIonstraim na Ginéive.

(6) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um Beartas Cáilíochta Táirgí Talmhaíochta,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Déanfar an t-ainm “មរេចកំពត”/“Kampot Pepper”, a cláraíodh ina Thásc Geografach sa Chlár Idirnáisiúnta, a chosaint san Aontas.

Leis an ainm dá dtagraítear sa chéad mhír sainaithnítear táirge den chineál “piobar”.

([1]) IO L 271, 24.10.2019, lch. 1.
([2]) IO C 30, 27.1.2021, lch. 9.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 23 Samhain 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN